Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA)

They were sympathetic that some things were difficult for Josh. They understood that he wasn't being purposefully lazy or disrespectful, but they still held high expectations for him.

Joni Poff, máthair de dhalta a bhfuil NHEA air, ag caint ar a mhúinteoirí. In alt le Jean Crockett in Daniel P. Halligan agus James M. Kauffman, *Exceptional Learners* (9ú eag.), Allyn & Bacon Publishers: Boston, MA (2003)

Is iad seo tréithe iompraíochta na ndaltaí a bhfuil NHEA orthu: is deacair dóibh a n-aird a choinneáil ar rudaí ar feadh tréimhse fada ama, is deacair dóibh smacht a choinneáil ar a mianta, ní féidir leo moill a chur ar shásamh a mianta agus caitheann siad an iomarca ama ar ghníomhaíochtaí nach mbaineann le hábhar. Go minic bíonn siad ag útamáil lena lámha nó lena gcosa, bíonn cuma mhíshocair orthu, agus fágann siad a suíocháin nó a n-áiteanna gan chead. Go minic, seans go rithfidh siad thart nó go ndreapfaidh siad an iomarca nuair nach bhfuil sé oiriúnach, seans go mbeidh deacrachtaí acu ag spraoi nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus seans go labhróidh siad an iomarca.

I ndaltaí a bhfuil NHEA orthu is deacair dóibh a n-iompar a phleanáil agus smacht a bheith acu air. Go minic bíonn an chuma orthu nach dtuigeann siad cad is contúirt ann agus bíonn sé de nós acu tabhairt faoi rudaí gan smaoineamh. Is deacair dóibh bheith ag éisteacht, ag cuimhneamh agus ag tabhairt airde ar threoracha freisin agus teipeann orthu obair scoile a chur i gcrích. Go minic bíonn drogall ar na daltaí seo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ina mbíonn gá le hiarracht mhór thar thréimhse fhada, cuireann spreagthaí seachtracha ar seachrán go héasca iad agus go minic is deacair dóibh eagar a chur ar ábhair atá ag teastáil chun páirt a ghlacadh i gcúraimí foghlama. I ndaltaí a bhfuil NHEA orthu is deacair dóibh bheith ag spraoi ar feadh píosa fada, agus go minic ní maith lena bpiaraí iad toisc go n-ionsaíonn siad a bpiaraí, toisc go mbíonn siad taghdach agus toisc nach mbíonn siad in ann freagracht a ghlacadh as a gcuid gníomhaíochtaí.

Go hiondúil téann airíonna an neamhoird i laghad i ndéagóirí agus i ndaoine fásta ach bíonn an neamhord ann fós. Go minic, i ndaltaí a bhfuil NHEA orthu bíonn siad ar chóir leighis chun tionchar an neamhoird ar a saol laethúil a mhaolú.

Neamhord Easnamh Airde (NEA)

Déantar cur síos ar NEA mar NHEA gan an hipirghníomhaíocht agus is iad seo na tréithe a bhaineann leis: caitheann daltaí a lán ama ag brionglóideach agus iad ar múscailt, stánann siad go minic, bíonn a bpróisis chognaíocha mall, ní bhíonn aon fhuinneamh iontu, bíonn mearbhall orthu, bíonn fadhbanna cuimhne acu agus bíonn siad dúnárasach i súiomhanna sóisialta. Go minic spalpann daltaí amach freagraí sula gcríochnaítear na ceisteanna, bíonn fadhbanna acu fanacht lena seal, agus go minic gan fhios dóibh féin, is féidir leo cur isteach ar dhaoine eile.



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Cabhraigh leis an dalta bogadh go héasca ó cheacht amháin go dtí an chéad cheacht eile. Roghnaigh nod nó comhartha soiléir a chuirfidh in iúl don dalta go bhfuil gníomhaíocht amháin thart agus roghnaigh ceann eile a chuirfidh in iúl go bhfuil gníomhaíocht nua ag tosú
- Spreag na daltaí eile chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil N(H)EA orthu.
- Cuir rialacha an tseomra ranga i bhfeidhm go comhsheasmhach.

- Leag síos roimh ré cad a tharlóidh má tá mí-iompar ann.
- Tabhair aiseolas rialta, comhsheasmhach, cuiditheach don dalta. Is fearr i bhfad duais ná pionóis a thabhairt dóibh. Tabhair moladh láithreach d'iompar maith nó d'éacht ar bith a bhaineann dalta amach.
- Nuair a tharlaíonn iompar mí-oiriúnach, luaigh iompar eile, ina áit, atá dearfach.
- Déan neamhaird de mhí-iompar mionchúiseach.
- Cinntigh, chomh fada agus is féidir, gur minice a thugann tú duaiseanna don dalta ná a thugann tú pionóis.
- Leag síos spriocanna mar rogha dhearfach don dalta. Glac an deis chun duais a thabhairt nuair a bhaineann an dalta na spriocanna seo amach.
- Bain úsáid as ábhair choincréiteacha agus as teagasc ríomhchuidithe.
- Leag an teagasc amach go cúramach agus cuir ábhar nua i láthair céim ar chéim.
- Déan cinnte go bhfuil aird an dalta agat sula dtugann tú treoracha.
- Nuair a bheidh tú ag cur ceiste ar dhaltaí déan cinnte a n-ainm a lua ar dtús mar chomhartha dóibh gur gá dóibh aire a thabhairt.
- Iarr ar na daltaí an deasc agus an timpeallacht díreach thart orthu a choinneáil saor ó rudaí a d'fhéadfadh iad a chur ar seachrán agus iarr orthu rudaí nach bhfuil á n-úsáid a chur uathu.
- Cuir daltaí ina suí chun tosaigh agus a ndroim leis an gcuid eile den rang.
- Cuir an dalta i measc piaraí atá dírithe ar a gcuid oibre agus, más féidir, daltaí a bhfuil an-mheas ag an dalta orthu.
- Déan iarracht gan na daltaí a chur in aice le haon rud a tharraingeoidh a n-aird, mar shampla, doirse, fuinneoga, limistéir ina mbíonn go leor trách ta.
- Ná tabhair a lán treoracha le chéile agus ná tabhair treoracha casta. Coinnigh treoracha simplí agus gan ach abairt amháin iontu nuair is féidir. Bí comhsheasmhach i dtreoracha laethúla.
- Ná tabhair ach tasc amháin don dalta ag aon am amháin.
- Tabhair am breise le haghaidh tascanna áirithe toisc gur minic a oibríonn daltaí go mall.
- Bain úsáid as sampla-aithris an mhúinteora agus treoracha díreacha chun bealaí éifeachtacha oibre a léiriú.
- Bain úsáid as acmhainní éagsúla foghlama agus múinteoireachta chun an dalta a spreagadh.

- Is fearr cur chuige ciúin socair a úsáid agus tú ag déileáil leis an dalta. Déan cinnte go bhfuil gnáthaimh an tseomra ranga intuartha.
- Tabhair fógra roimh ré go bhfuil rud éigin ar tí tarlú/críochnú toisc gur féidir leis na daltaí seo deacrachtaí a bheith acu le linn athraithe.
- Cuir téacs i láthair go soiléir ar bhileoga oibre.
- Bain úsáid as seicliostaí ar féidir leis na daltaí dul tríothu agus iad i mbun tascanna agus obair bhaile.
- Spreag an dalta chun a insint ó bhéal don mhúinteoir cad atá le déanamh agus ansin é a athrá leis féin agus é ina thost.
- Múin go díreach don dalta na scileanna maidir le haird a dhíriú, le rialacha a leanúint, le féinbhainistiú agus le heagrúchán.
- Cuimhnigh ar chead a thabhairt don dalta cluasáin a chaitheamh agus é/í ag déanamh oibre, más fearr a dhíríonn sé/sí ar an obair mar thoradh air seo. D'fhéadfaí, b'fhéidir, an rogha a thabhairt don dalta den sórt ceoil a bheidh ar fáil.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Alban-Metcalfe, J. and Alban-Metcalfe, J. (2001) *Managing Attention Deficit/Hyperactivity Disorder in the Inclusive Classroom: Practical Strategies for Teachers,* Londain: David Fulton Publishers.
2. Attention Deficit Disorder Association (ADDA) (SAM), láithreán gréasáin: http://www.add.org/
3. Cooper, P. agus Bilton, K.M. (2002) *Attention Deficit/Hyperactivity Disorder: A Practical Guide for Teachers* (2ú eag.) Londain: David Fulton Publishers.
4. Dendy, C.A.Z. (2000) *Teaching Teens with ADD and ADHD: A Quick Reference Guide for Teachers and Parents,* Bethesda, MD: Woodbine House.
5. HADD (Hyperactive Attention Deficit Disorder Family Support Group), láithreán gréasáin: http://www.hadd.ie/
6. Hallowell, E.M. agus Ratey, J.J. (1992) *Fifty Tips on Classroom Management of ADD*, ADD Forum, íoslódáil ó: http://users.rcn.com/peregrin.enteract/add/50clas.html
7. Kewley, G.D. (2001) *Attention Deficit Hyperactivity Disorder: Recognition, Reality and Resolution,* Londain: David Fulton Publishers.
8. Rief, S.F. (2003) *The ADHD Book of Lists: A Practical Guide for Helping Children and Teens with Attention Deficit Disorders,* San Francisco, CA: Jossey-Bass.
9. Tugann Adders.org liosta de ghrúpaí tacaíochta NHEA in Éirinn, láithreán gréasáin: http://www.adders.org/repofirelandmap.htm